# RIALACHÁN (AE) 2021/383 ÓN gCOIMISIÚN

**an 3 Márta 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ina liostaítear comhfhoirmligh nach bhfuil inghlactha mar chomhábhair i dtáirgí cosanta plandaí**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 27(2) agus Airteagal 78(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é tuairisc a thugtar ar chomhfhoirmligh i bpointe (c) d'Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 gurb é atá iontu substaintí nó ullmhóidí a úsáidtear nó a bheartaítear lena n-úsáid i dtáirge cosanta plandaí nó in aidiúvach, ach nach substaintí gníomhacha ná teorantóirí ná sineirgígh iad.

(2) Ní hinghlactha comhfhoirmligh a bheith i dtáirgí cosanta plandaí más amhlaidh go mbeadh iarmhairt dhíobhálach ag iarmhair na gcomhfhoirmleach sin, de dhroim úsáid i gcomhréir le dea-chleachtas cosanta plandaí, agus ag féachaint do dhálaí réalaíocha úsáide, ar shláinte an duine nó ar shláinte ainmhithe nó ar screamhuisce nó go mbeadh iarmhairt neamh-inghlactha acu ar an gcomhshaol. Ní hinghlactha ach oiread comhfhoirmligh a bheith i dtáirgí cosanta plandaí, más amhlaidh go mbeadh iarmhairt dhíobhálach ag úsáid na gcomhfhoirmleach sin, de dhroim úsáid i gcomhréir le dea-chleachtas cosanta plandaí, agus ag féachaint do dhálaí réalaíocha úsáide, ar shláinte an duine nó ar shláinte ainmhithe nó ar screamhuisce nó go mbeadh iarmhairt neamh-inghlactha acu ar an gcomhshaol. Tá na comhfhoirmligh neamh-inghlactha sin le liostú in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(3) Is éard is comhfhoirmligh ann substaintí nó ullmhóidí a úsáidtear i dteannta substaintí gníomhacha i dtáirgí cosanta plandaí agus dá réir sin scaiptear iad chomh leathan céanna sa chomhshaol. Dá bhrí sin, na critéir a bhaineann le sláinte an duine, leis an gcomhshaol, leis an éiceatocsaineacht agus le screamhuisce, dá bhforáiltear i bpointí 3.6.2, 3.6.3, 3.6.4, 3.6.5, 3.7, 3.8.2 agus 3.10 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ba cheart na critéir sin a bheith ábhartha maidir le sainaithint na gcomhfhoirmleach neamh-inghlactha.

(4) Dá réir sin ba cheart na substaintí seo a leanas a áireamh i liosta na gcomhfhoirmleach neamh-inghlactha – substaintí atá aicmithe, de réir córais chomhchuibhithe, mar charcanaiginí, de chatagóir 1A nó 1B, mar shó-ghinigh, de chatagóir 1A nó 1B, nó mar shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1A nó 1B, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(5) Ba cheart de bhreis air sin na substaintí seo a leanas a áireamh i liosta na gcomhfhoirmleach neamh-inghlactha – substaintí a shainaithnítear mar shubstaintí atá marthanach, bithbhailitheach agus tocsaineach ("PBT") nó an-mharthanach agus an-bhithbhailitheach ("vPvB") i gcomhréir le pointí (d) agus (e) d'Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

(6) Ba cheart freisin na substaintí seo a leanas a áireamh i liosta na gcomhfhoirmleach neamh-inghlactha – substaintí a bhfuil imní mhór ann fúthu de dheasca airíonna réabtha iontálaigh a bheith acu i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 nó substaintí a shainaithnítear mar réabthóirí iontálaigh faoi Rialachán (CE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [4] nó substaintí a shainaithnítear mar thruailleáin orgánacha mharthanacha ("POP") faoi Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [5].

(7) Le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, leagtar amach srianta le haghaidh substaintí contúirteacha áirithe in Iarscríbhinn XVII a gabhann leis. I gcás ina bhfuil srianta ar úsáid na substaintí sin mar chomhfhoirmligh i dtáirgí cosanta plandaí, ba cheart na substaintí sin a chur le liosta na gcomhfhoirmleach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(8) Shainaithin na Ballstáit comhfhoirmligh a mheas siad a bheith neamh-inghlactha i dtáirgí cosanta plandaí a údaraítear faoi Threoir 91/414/CEE ón gComhairle [6] nó faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Thug an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Iorua, an Liotuáin, an Ostair agus an Spáinn fógra faoi chomhfhoirmligh den sórt sin. De na comhfhoirmligh sin, ba cheart iad seo a leanas a liostú in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 – substaintí atá aicmithe, de réir córais chomhchuibhithe, mar charcanaiginí, de chatagóir 1A nó 1B, mar shó-ghinigh, de chatagóir 1A nó 1B, nó mar shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1A nó 1B, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, substaintí a shainaithnítear mar shubstaintí PBT nó vPvB de réir phointí (d) agus (e) d'Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, substaintí a shainaithnítear mar shubstaintí a bhfuil imní mhór ann fúthu de dheasca airíonna réabtha iontálaigh a bheith acu i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus substaintí a shainaithnítear mar POP faoi Rialachán (AE) 2019/1021.

(9) Cuireadh toirmeasc, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1313 ón gCoimisiún [7], ar úsáid geirimín poileatocsailithe (Uimh. CAS 61791-26-2) i dtáirgí cosanta plandaí ina bhfuil gliofosáit, óir fuarthas ábhar imní i ndáil le tocsaineacht geirimíní poileatocsailithe agus mar go bhféadfadh na geirimíní sin dochar a dhéanamh do shláinte an duine. Ós rud é gur de dheasca airíonna intreacha na substaintí i gceist atá an imní sin ann agus, dá réir sin, ó tharla nach bhfuil an imní sin teoranta do tháirgí foirmlithe ina bhfuil gliofosáit ach go bhfuil imní bhailí ann freisin faoi tháirgí foirmlithe ina bhfuil substaintí gníomhacha eile, ba cheart geirimíní poileatocsailithe a chur le liosta na gcomhfhoirmleach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(10) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/109 ón gCoimisiún [8] ná le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/619 ón gCoimisiún [9], ní dhearnadh PHMB (1600; 1.8), ná uimhreacha CAS 27083-27-8 agus 32289-58-0, ná PHMB (1415; 4.7), ná uimhreacha CAS 32289-58-0 agus 1802181-67-4, a fhormheas mar shubstaintí gníomhacha atá ann cheana lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 6 (leasaithigh ábhair channaithe), ná níor formheasadh cineálacha eile táirgí ach oiread leo sin de dheasca riosca neamh-inghlactha do shláinte an duine agus don chomhshaol. Dá bhrí sin, thiocfadh iarmhairtí neamh-inghlactha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol as a n-úsáid mar leasaithigh ábhair channaithe i dtáirgí cosanta plandaí. Mar thoradh air sin, ba cheart PHMB (1600; 1.8) agus PHMB (1415; 4.7), freisin, a liostú in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(11) Na comhfhoirmligh atá le liostú in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, d'fhéadfadh sé go mbeidís in aidiúvaigh a chuirfear ar an margadh. Ós rud é nár bunaíodh fós rialacha mionsonraithe maidir le húdarú aidiúvach, i gcomhréir le hAirteagal 58(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, féadfaidh na Ballstáit leanúint de chur i bhfeidhm na bhforálacha náisiúnta a mhéid a bhaineann le haidiúvaigh i gcomhréir le hAirteagal 81(3) den Rialachán sin. Ós aidhm do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 cosc a chur ar aidiúvaigh ina bhfuil comhfhoirmligh thoirmiscthe a chur ar an margadh nó a úsáid, is gá a áirithiú nach mbeidh aon cheann de na comhfhoirmligh neamh-inghlactha sin in aidiúvaigh a bhfuiltear lena meascadh isteach le táirgí cosanta plandaí.

---

[4] Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

[5] Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45).

[6] Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

[7] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1313 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2016 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le coinníollacha formheasa na substainte gníomhaí gliofosáit (IO L 208, 2.8.2016, lch. 1).

[8] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/109 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2016 gan PHMB (1600; 1.8) a fhormheas mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirge 1, 6 agus 9 (IO L 21, 28.1.2016, lch. 84).

[9] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/619 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2018 gan PHMB (1415; 4.7) a fhormheas mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirge 1, 5 agus 6 (IO L 102, 23.4.2018, lch. 21).

(12) Ba cheart go leor ama a thabhairt do na Ballstáit chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhdhéanamh na dtáirgí cosanta plandaí agus na n-aidiúvach atá údaraithe faoi láthair laistigh dá gcríoch, chun a mheas an bhfuil comhfhoirmligh iontu a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus chun údaruithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí agus aidiúvaigh ina bhfuil na comhfhoirmligh sin a tharraingt siar nó a leasú.

(13) Maidir le táirgí cosanta plandaí nó le haidiúvaigh ina bhfuil comhfhoirmleach a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, i gcás ina ndeonóidh na Ballstáit aon tréimhse chairde i gcomhréir le hAirteagal 46 den Rialachán sin nó i gcomhréir le forálacha náisiúnta maidir le húdarú aidiúvach, ba cheart don tréimhse sin dul in éag, i gcás díola agus dáilte, 3 mhí ar a dhéanaí tar éis dháta leasú nó aistarraingt na n-údaruithe agus, i gcás diúscartha, stórála agus úsáide, 9 mí eile dá éis sin arís.

(14) Comhfhoirmligh atá le liostú in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, d'fhéadfadh sé go mbeadh cion díobh, mar eisíontais neamhbheartaithe, i gcomhfhoirmligh eile, atá inghlactha astu féin lena n-úsáid i dtáirgí cosanta plandaí nó in aidiúvaigh. Dá bhrí sin, maidir le tiúchan na gcomhfhoirmleach neamh-inghlactha ar leith sa táirge cosanta plandaí críochnaithe nó san aidiúvach, ba cheart an tiúchan sin a bheith níos lú ná 0,1 % meáchan ar mheáchan nó ba cheart é a bheith níos lú ná teorainn tiúchana shonrach a bhaineann le hairíonna CMR (carcanaigineach, só-ghineach agus tocsaineach don atáirgeadh), i gcás ina leagtar a leithéid síos in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 maidir leis an gcomhfhoirmleach neamh-inghlactha ag leibhéal níos ísle ná 0,1 % meáchan ar mheáchan, chun go measfaí gurb é atá ann eisíontas neamhbheartaithe inghlactha, mura bhforáiltear teorainn eile de dheasca teorannuithe teicniúla a bhaineann leis na modhanna anailíseacha ábhartha.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Ballstáit a dheonaigh údaruithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil comhfhoirmligh a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna leasú leis an Rialachán seo, leasóidh na Ballstáit sin na húdaruithe sin, nó aistarraingeoidh siad iad, a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná an 24 Márta 2023.

*Airteagal 3*

Maidir le haidiúvaigh ina bhfuil comhfhoirmligh a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna leasú leis an Rialachán seo, ní údaróidh na Ballstáit na haidiúvaigh sin a chur ar an margadh ná iad a úsáid.

Ballstáit a d'údaraigh aidiúvaigh ina bhfuil comhfhoirmligh a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna leasú leis an Rialachán seo, leasóidh na Ballstáit sin na húdaruithe sin, nó aistarraingeoidh siad iad, a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná an 24 Márta 2023.

*Airteagal 4*

Maidir le haon tréimhse chairde arna deonú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 nó i gcomhréir le forálacha náisiúnta um údarú aidiúvach, beidh an tréimhse sin chomh gairid agus is féidir agus rachaidh sí in éag, i gcás díola agus dáilte, 3 mhí ar a dhéanaí tar éis dháta leasú nó aistarraingt na n-údaruithe dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3 agus, i gcás diúscartha, stórála agus úsáide, 9 mí eile dá éis sin arís.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009:

*"IARSCRÍBHINN III*

**Liosta na gcomhfhoirmleach nach bhfuil inghlactha mar chomhábhair i dtáirgí cosanta plandaí dá dtagraítear in Airteagal 27** ([1])

| Uimh. | Ainm | Ainmneacha CE/Ainmneacha eile | Uimhir CAS | Uimhir CE | Aicmiú/Airíonna eile |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. | 1-Clóra-2,3-eapocsaprópán | Eipeaclóraihidrin, Clóiríd 2,3-eapocsapróipile | 106-89-8 | 203-439-8 | Carcanaigineach de chatagóir 1B |
| 2. | 1,2-Déchlóireatán | 1,2-Déchlóireatán;<br>Eatán, 1,2-déchlóra- | 107-06-2 | 203-458-1 | Carcanaigineach de chatagóir 1B |
| 3. | 2-Eatocsa-eatánól | 2-Eatocsa-eatánól;<br>Eatánól, 2-eatocsa- | 110-80-5 | 203-804-1 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 4. | Aicéatáit 2-eatocsa-eitile | Aicéatáit 2-eatocsa-eatánóil; Eatánól, 2-eatocsa-, 1-aicéatáit | 111-15-9 | 203-839-2 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 5. | 1-Eitilpiorólaidin-2-ón | 1-Eitilpiorólaidin-2-ón;<br>N-eitil-2-pioróladón | 2687-91-4 | 220-250-6 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 6. | 2-Meatocsa-eatánól | 2-Meatocsa-eatánól;<br>Eatánól, 2-meatocsa- | 109-86-4 | 203-713-7 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 7. | Aicéatáit 2-meatocsa-eitile | Aicéatáit 2-meatocsa-eitile;<br>Eatánól, 2-meatocsa-, 1-aicéatáit;<br>Aicéatáit 2-meatocsa-eatánóil | 110-49-6 | 203-772-9 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 8. | 2-Meatocsaprópánól | 2-Meatocsaprópánól;<br>1-Própánól, 2-meatocsa- | 1589-47-5 | 216-455-5 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 9. | 1-Meitilpiorólaidin-2-ón | 1-Meitil-2-pioróladón;<br>2-Piorrólaidionón, 1-meitil- | 872-50-4 | 212-828-1 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |

| Uimh. | Ainm | Ainmneacha CE/Ainmneacha eile | Uimhir CAS | Uimhir CE | Aicmiú/Airíonna eile |
|---|---|---|---|---|---|
| 10. | 2-Nítreaprópán | 2-Nítreaprópán;<br>Própán, 2-nítrea- | 79-46-9 | 201-209-1 | Carcanaigineach de chatagóir 1B |
| 11. | Aimíní, ailcil gheire, eatocsailithe | Aimíní, ailcil gheire, eatocsailithe;<br>POE-geirimín | 61791-26-2 | | Ábhair imní nó bearnaí sna sonraí, a bhaineann le héifeachtaí ab fhéidir a bheith ann ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol |
| 12. | Aimíní, ailcil gheire, eatocsailithe própocsailithe | Aimíní, ailcil gheire, eatocsailithe própocsailithe;<br>POEP-geirimín | 68213-26-3 | | Ábhair imní nó bearnaí sna sonraí, a bhaineann le héifeachtaí ab fhéidir a bheith ann ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol |
| 13. | Snáithíní aispeiste | Aisbeist achtainilíte;<br>Aisbeist, achtainilít | 77536-66-4 | | Carcanaigineach de chatagóir 1A |
| 14. | | Aisbeist amaisíte;<br>Aisbeist, aimisít | 12172-73-5 | | Carcanaigineach de chatagóir 1A |
| 15. | | Aisbeist antaifillíte;<br>Aisbeist, antaifillít | 77536-67-5 | | Carcanaigineach de chatagóir 1A |
| 16. | | Aisbeist chrisitíle;<br>Aisbeist, crisitíl | 12001-29-5 | | Carcanaigineach de chatagóir 1A |
| 17. | | Aisbeist chroicidilíte;<br>Aisbeist, croicidilít | 12001-28-4 | | Carcanaigineach de chatagóir 1A |
| 18. | | Aisbeist threimilíte;<br>Aisbeist, treimilít | 77536-68-6 | | Carcanaigineach de chatagóir 1A |
| 19. | Beinséin | Beinséin | 71-43-2 | 200-753-7 | Carcanaigineach de chatagóir 1A/<br>Só-ghineach cat.1B |
| 20. | Beinsi[def]criséin ([2]);<br>Beinsi[*pqr*]teitriféin | Beinsi[*def*]criséin;<br>Beinsi[*a*]piréin | 50-32-8 | 200-028-5 | Carcanaigineach cat.1B/Só-ghineach cat. 1B/<br>Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |

| Uimh. | Ainm | Ainmneacha CE/Ainmneacha eile | Uimhir CAS | Uimhir CE | Aicmiú/Airíonna eile |
|---|---|---|---|---|---|
| 21. | Beinséin-1,2-décharbocsaláit bis(2-meitilpróipil) | Taláit dhé-iseabúitile | 84-69-5 | 201-553-2 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH, Airteaal 57(f) – Sláinte an Duine) Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 22. | Aigéad bórach | Aigéad bórach | 10043-35-3<br>11113-50-1 | 233-139-2<br>234-343-4 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 23. | Ochtabóráit dhéshóidiam | Ochtabóráit dhéshóidiam; Ochtabóráit dhéshóidiam ainhidriúil | 12008-41-2 | 234-541-0 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 24. | Ochtabóráit dhéshóidiam, teitrihiodráit | Aigéad bórach, salann déshóidiam, teitrihiodráit; | 12280-03-4 | 234-541-0 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 25. | Teitreabóráit dhéshóidiam, ainhidriúil | Teitreabóráit dhéshóidiam, ainhidriúil;<br>Ocsaíd shóidiam bhóróin | 1330-43-4 | 215-540-4 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 26. | Teitreabóráit dheshóidiam, deacaihiodráit | Bórás | 1303-96-4 | 215-540-4 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 27. | Teitreabóráit dhéshóidiam, peintihiodráit | Ocsaíd shóidiam bhóróin, hiodráitithe | 12179-04-3 | 215-540-4 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 28. | Aigéad ortóbórach, salann sóidiam | Aigéad ortóbórach, salann sóidiam; Aigéad bórach, salann sóidiam | 13840-56-7 | 237-560-2 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 29. | Heaptocsaíd dhéshóidiam theitreabóróin, hiodráitithe | Heaptocsaíd dhéshóidiam theitreabóróin, hiodráitithe;<br>Ocsaíd shóidiam bhóróin, hiodráit | 12267-73-1 | 235-541-3 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 30. | Bút-1,3-dé-éin | Bút-1,3-dé-éin;<br>1,3-Bútaidhé-éin | 106-99-0 | 203-450-8 | Carcanaigineach de chatagóir 1A/<br>Só-ghineach cat.1B |
| 31. | Bútán<br>ina bhfuil ≥ 0,1 % de bhútaidhé-éin (Uimh. CE 203-450-8) | Bútán | 106-97-8 | 203-448-7 | Carcanaigineach de chatagóir 1A |
| 32. | Comhphola(bisimínimideacarbóinil, hidreaclóirít heicsimeitiléine), (imínimideacarbóinil, hidreaclóiríd heicsimeitiléine) | Guainidín, *N*,*N*'''-1,6-heacsáindé-ilbis[*N*'-ciana-, polaiméir ina bhfuil 1,6-heacsáindé-aimín, hidreaclóiríd | 27083-27-8<br>agus | | Ní fhormheastar é seo lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 6 (leasaithigh ábhair channaithe). |

| Uimh. | Ainm | Ainmneacha CE/Ainmneacha eile | Uimhir CAS | Uimhir CE | Aicmiú/Airíonna eile |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Pola[imíneacarbóinimiídea-ilimíneacarbóinim-ídea-ilimínea-1, 6-heacsándé-il], hidreaclóiríd<br>Ciainimíd, *N*-ciana-, i gcumasc le 1,6-heacsáindé-aimín (2:1), polaiméir ina bhfuil hidreaclóiríd 1,6-heacsáindé-aimín (1:2);<br>PHMB | 32289-58-0<br>agus<br>1802181-67-4 | | |
| 33. | Taláit débhúitile | Taláit *n*-búitile;<br>Beinséin-1,2-décharbocsaláit débhúitile | 84-74-2 | 201-557-4 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH, Airteaal 57(f) – Sláinte an Duine) Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 34. | Driogáití troma (peitriliam), naftaineacha, a cóireáladh le hidrigin, agus ina bhfuil cion ≥ 3,0 % d’eastóscán DMSO (arna thomhas de réir IP 346) | | 64742-52-5 | 265-155-0 | Carcanaigineach de chatagóir 1B |
| 35. | Driogáití troma (peitriliam), pairifíneacha, a cóireáladh le hidrigin, agus ina bhfuil cion ≥ 3,0 % d’eastóscán DMSO (arna thomhas de réir IP 346) | | 64742-54-7 | 265-157-1 | Carcanaigineach de chatagóir 1B |
| 36. | Driogáití éadroma (peitriliam), naftaineacha, a cóireáladh le hidrigin, agus ina bhfuil cion ≥ 3,0 % d’eastóscán DMSO (arna thomhas de réir IP 346) | | 64742-53-6 | 265-156-6 | Carcanaigineach de chatagóir 1B |
| 37. | Driogáití éadroma (peitriliam), pairifíneacha, a cóireáladh le hidrigin, agus ina bhfuil cion ≥ 3,0 % d’eastóscán DMSO (arna thomhas de réir IP 346) | | 64742-55-8 | 265-158-7 | Carcanaigineach de chatagóir 1B |
| 38. | Driogáití troma (peitriliam), pairifíneacha, a díchiaradh le tuaslagóir, agus ina bhfuil cion ≥ 3,0 % d’eastóscán DMSO (arna thomhas de réir IP 346) | | 64742-65-0 | 265-169-7 | Carcanaigineach de chatagóir 1B |

| Uimh. | Ainm | Ainmneacha CE/Ainmneacha eile | Uimhir CAS | Uimhir CE | Aicmiú/Airíonna eile |
|---|---|---|---|---|---|
| 39. | Driogáití troma (peitriliam), pairifíneacha, a scagadh le tuaslagóir, agus ina bhfuil cion ≥ 3,0 % d'eastóscán DMSO (arna thomhas de réir IP 346) | | 64741-88-4 | 265-090-8 | Carcanaigineach de chatagóir 1B |
| 40. | Driogáití éadroma (peitriliam), pairifíneacha, a scagadh le tuaslagóir, agus ina bhfuil cion ≥ 3,0 % d'eastóscán DMSO (arna thomhas de réir IP 346) | | 64741-89-5 | 265-091-3 | Carcanaigineach de chatagóir 1B |
| 41. | Ocsaíd eitiléine | Ocsaíd eitiléine; Ocsa-iorán; Eapocsa-eatán | 75-21-8 | 200-849-9 | Carcanaigineach de chatagóir 1B/ Só-ghineach de chatagóir 1B |
| 42. | Formaildéad | Formaildéad; Formailin; Meatánal; Formól | 50-00-0 | 200-001-8 | Carcanaigineach de chatagóir 1B |
| 43. | Formaimíd | Formaimíd; Meatánaimíd | 75-12-7 | 200-842-0 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 44. | Iseabútán (ina bhfuil cion ≥ 0,1 % de bhútaidhé-éin (Uimh. CE 203-450-8)) | Iseabútán; Própán, 2-meitil- | 75-28-5 | 200-857-2 | Carcanaigineach de chatagóir 1A/ Só-ghineach de chatagóir 1B |
| 45. | Olaí bealaithe (peitriliam) C20-50, atá bunaithe ar ola neodrach, a cóireáladh le hidrigin, ina bhfuil ardslaodacht, agus ina bhfuil cion ≥ 3,0 % d'eastóscán DMSO (arna thomhas de réir IP 346) | | 72623-85-9 | 276-736-3 | Carcanaigineach de chatagóir 1B |
| 46. | Olaí bealaithe (peitriliam) C15-30, atá bunaithe ar ola neodrach, a cóireáladh le hidrigin, agus ina bhfuil cion ≥ 3,0 % d'eastóscán DMSO (arna thomhas de réir IP 346) | | 72623-86-0 | 276-737-9 | Carcanaigineach de chatagóir 1B |
| 47. | Olaí bealaithe (peitriliam) C20-50, atá bunaithe ar ola neodrach, a cóireáladh le hidrigin, agus ina bhfuil cion ≥ 3,0 % d'eastóscán DMSO (arna thomhas de réir IP 346) | | 72623-87-1 | 276-738-4 | Carcanaigineach de chatagóir 1B |

| Uimh. | Ainm | Ainmneacha CE/Ainmneacha eile | Uimhir CAS | Uimhir CE | Aicmiú/Airíonna eile |
|---|---|---|---|---|---|
| 48. | Olaí bealaithe (peitriliam) C17-32, a eastóscadh le tuaslagóir, a díchiaradh, a cóireáladh le hidrigin, agus ina bhfuil cion ≥ 3,0 % d'eastóscán DMSO (arna thomhas de réir IP 346) | | 101316-70-5 | 309-875-6 | Carcanaigineach de chatagóir 1B |
| 49. | Nafta trom (peitriliam), ailcioláiteach, ina bhfuil slabhra brainseach C9-C12 den chuid is mó, agus ina bhfuil cion ≥ 0,1 % de bheinséin (Uimh. CE 200-753-7) | | 64741-65-7 | 265-067-2 | Carcanaigineach de chatagóir 1B/<br>Só-ghineach de chatagóir 1B |
| 50. | Nafta trom (peitriliam), a díshulfaraíodh le hidrigin, ina bhfuil slabhra brainseach C7-C12 den chuid is mó, agus ina bhfuil cion ≥ 0,1 % de bheinséin (Uimh. CE 200-753-7) | | 64742-82-1 | 265-185-4 | Carcanaigineach de chatagóir 1A/<br>Só-ghineach de chatagóir 1B |
| 51. | Nafta éadrom (peitriliam), a díshulfaraíodh le hidrigin, a díchumhraíodh, ina bhfuil pairifíní agus cioglapairifíní C7 den chuid is mó, agus ina bhfuil cion ≥ 0,1 % de bheinséin (Uimh. CE 200-753-7) | | 92045-53-9 | 295-434-2 | Carcanaigineach de chatagóir 1A/<br>Só-ghineach de chatagóir 1B |
| 52. | Nafta trom (peitriliam), a cóireáladh le hidrigin, ina bhfuil C6-C13 den chuid is mó, agus ina bhfuil cion ≥ 0,1 % de bheinséin (Uimh. CE 200-753-7) | | 64742-48-9 | 265-150-3 | Carcanaigineach de chatagóir 1A/<br>Só-ghineach de chatagóir 1B |
| 53. | Nafta éadrom (peitriliam), cumhraithe, ina bhfuil C8-C10 den chuid is mó, agus ina bhfuil cion ≥ 0,1 % de bheinséin (Uimh. CE 200-753-7) | | 64742-95-6 | 265-199-0 | Carcanaigineach de chatagóir 1A/<br>Só-ghineach de chatagóir 1B |
| 54. | Nítribeinséin | Nítribeinséin;<br>Beinséin, nítrea- | 98-95-3 | 202-716-0 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 55. | *N*-meitiolformaimíd | *N*-meitiolformaimíd; Formaimíd, *N*-meitil- | 123-39-7 | 204-624-6 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |

| Uimh. | Ainm | Ainmneacha CE/Ainmneacha eile | Uimhir CAS | Uimhir CE | Aicmiú/Airíonna eile |
|---|---|---|---|---|---|
| 56.. | Naoinil-feanóil: Substaintí ina bhfuil slabhra ailcile líneach agus/nó brainseach, ina bhfuil 9 n-adamh carbóin arna gceangal go comhfhiúsach in aon ionad le feanól, agus áirítear leis sin freisin substaintí ina bhfuil aon cheann de na hisiméirí aonair nó cumasc díobh sin. | 4-(3,5-Démheitilheaptán-3-il)feanól<br>Feanól, 4-(1-eitil-1,3-démheitilpeintil)-;<br>4-(1-Eitil-1,3-démheitilpeintil)feanól | 186825-36-5 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 57. | | 4-(3,6-Démheitilheaptán-3-il)feanól<br>Feanól, 4-(1-eitil-1,4-démheitilpeintil)-;<br>4-(1-Eitil-1,4-démheitilpeintil)feanól | 142731-63-3 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 58. | | 4-(2-Meitilochtán-2-il)feanól<br>*p*-(1,1-Démheitilheiptil)feanól;<br>Feanól, 4-(1,1-démheitilheiptil)- | 30784-30-6 | 250-339-5 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 59. | | 4-(3-Meitilochtán-3-il)feanól<br>Feanól, 4-(1-eitil-1-meitilheicsil)-;<br>4-(1-Eitil-1-meitilheicsil)feanól; | 52427-13-1 | 257-907-1 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 60. | | 4-Naoinilfeanól<br>*p*-Naoinilfeanól;<br>Feanól, 4-naoinil- | 104-40-5 | 203-199-4 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 61. | | Iseanaoinilfeanól | 11066-49-2 | 234-284-4 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 62. | | *p*-Iseanaoinilfeanól;<br>Feanól, 4-iseanaoinil- | 26543-97-5 | 247-770-6 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |

| Uimh. | Ainm | Ainmneacha CE/Ainmneacha eile | Uimhir CAS | Uimhir CE | Aicmiú/Airíonna eile |
|---|---|---|---|---|---|
| 63. | | Naoinilfeanól;<br>Feanól, naoinil- | 25154-52-3 | 246-672-0 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 64. | | Feanól, 4-(1-meitiolochtail)-;<br>*p*-(1-Meitiolochtail)feanól | 17404-66-9 | 241-427-4 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 65. | | Feanól, 4-naoinil-, brainseach | 84852-15-3 | 284-325-5 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 66. | | Feanól, naoinil-, brainseach | 90481-04-2 | 291-844-0 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 67. | Naoinil-feanóil, eatocsailithe:<br>Substaintí ina bhfuil slabhra ailcile líneach agus/nó brainseach, ina bhfuil 9 n-adamh carbóin arna gceangal go comhfhiúsach in aon ionad le feanól, iad eatocsailithe, agus áirítear leis sin freisin substaintí ina bhfuil aon cheann de na hisiméirí aonair nó cumasc díobh sin. | Naoinilfeanól, eatocsailithe;<br>Pola(ocsa-1,2-eatáindé-il), α-(naoinilfeinil)-ω-hiodrocsa- | | 500-024-6 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 68. | | 4-Naoinilfeanól, brainseach, 1 – 2,5 mól, eatocsailithe<br>Pola(ocsa-1,2-eatáindé-il), α-(4-naoinilfeinil)-ω-hiodrocsa-, brainseach | | 500-315-8 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 69. | | 4-Naoinilfeanól, 1 – 2,5 mól, eatocsailithe | | 500-045-0 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 70. | | 2-(2-{2-[2-(4-Naoinilfeanocsa)eatocsa]eatocsa}eatocsa)eatán-1-ól<br>2-[2-[2-[2-(4-Naoinilfeanocsa)eatocsa]eatocsa]eatocsa]eatánól;<br>Eatánól, 2-[2-[2-[2-(4-naoinilfeanocsa)eatocsa]eatocsa]eatocsa]- | 7311-27-5 | 230-770-5 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 71. | | 2-[2-(4-Naoinilfeanocsa)eatocsa]eatánól;<br>Eatánól, 2-[2-(4-naoinilfeanocsa)eatocsa]- | 20427-84-3 | 243-816-4 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |

| Uimh. | Ainm | Ainmneacha CE/Ainmneacha eile | Uimhir CAS | Uimhir CE | Aicmiú/Airíonna eile |
|---|---|---|---|---|---|
| 72. | | 20-(4-Naoinilfeanocsa)-3,6,9,12,15,18-heac-socsa-eacosán-1-ól;<br>3,6,9,12,15,18-Heacsocsa-eacosán-1-ól, 20- (4-naoinilfeanocsa)- | 27942-27-4 | 248-743-1 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 73. | | 2-[2-[2-[2-(4-Naoinilfeanocsa)eatocsa]eatocsa] eatocsa]eatán-1-ól<br>Eatánól, 2-[2-[2-[2-(4-naoinilfeanocsa)eatocsa] eatocsa]eatocsa]- | 7311-27-5 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 74. | | 26-(4-Naoinilfeanocsa)-3,6,9,12,15,18,21,24-ochtocsaheicseacosán-1-ól 3,6,9,12,15,18,21,24-Ochtocsaheicseacosán-1-ól, 26-(4-naoinilfeanocsa)- | 14409-72-4 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 75. | | 17-(4-Naoinilfeanocsa)-3,6,9,12,15-peantocsaih-eiptideacán-1-ól<br>3,6,9,12,15-Peantocsaiheiptideacán-1-ol, 17-(4-naoinilfeanocsa)- | 34166-38-6 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 76. | | Pola(ocsa-1,2-eatáindé-il), α-(4-naoinilfeinil)-ω-hiodrocsa-, brainseach | 127087-87-0 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 77. | | Pola(ocsa-1,2-eatáindé-il), α-(4-naoinilfeinil)-ω-hiodrocsa- | 26027-38-3 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 78. | | Eatánól, 2-(4-naoinilfeanocsa) | 104-35-8 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 79. | | Iseanaoinilfeanól, eatocsailithe;<br>Pola(ocsa-1,2-eatáindé-il), α-(iseanaoinilfeinil)-ω-hiodrocsa- | 37205-87-1 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |

| Uimh. | Ainm | Ainmneacha CE/Ainmneacha eile | Uimhir CAS | Uimhir CE | Aicmiú/Airíonna eile |
|---|---|---|---|---|---|
| 80. | | 2-[2-(4-*treas*-Naoinilfeanocsa)eatocsa]eatánól<br>Eatánól, 2-[2-(4-*treas*-naoinilfeanocsa)eatocsa]- | 156609-10-8 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 81. | | Pola(ocsa-1,2-eatáindé-il), α-(naoinilfeinil)-ω-hiodrocsa-<br>Naoinilfeanól, eatocsailithe | 9016-45-9 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 82. | Ochtail-feanóil:<br>Substaintí ina bhfuil slabhra ailcile líneach agus/nó brainseach, ina bhfuil 8 n-adamh carbóin arna gceangal go comhfhiúsach in aon ionad le feanól, agus áirítear leis sin freisin substaintí ina bhfuil aon cheann de na hisiméirí aonair nó cumasc díobh sin. | *p*-Ochtailfeanól;<br>4-Ochtailfeanól | 1806-26-4 | 217-302-5 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 83. | | 4-(2,4,4-Trímheitilpeantán-2-il)feanól;<br>4-(1,1,3,3-Teitrimeitiolbúitil)feanól;<br>4-(*treas*-ochtail)feanól<br>Feanól, 4-(1,1,3,3-teitrimeitiolbúitil)-;<br>4-*treas*-Ochtailfeanól | 140-66-9 | 205-426-2 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 84. | | Ochtailfeanól;<br>Feanól, ochtail- | 67554-50-1 | 266-717-8 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 85. | | Feanól, 2-iosochtail- | 86378-08-7 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 86. | | Feanól, iosochtail-;<br>Iosochtailfeanól | 11081-15-5 | 234-304-1 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 87. | | Feanól, 2-ochtail-;<br>*o*-Ochtailfeanól | 949-13-3 | 213-437-9 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 88. | | Feanól, 2-*tán*-ochtail-;<br>*o*-*tán*-Ochtailfeanól | 26401-75-2 | 247-663-4 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |

| Uimh. | Ainm | Ainmneacha CE/Ainmneacha eile | Uimhir CAS | Uimhir CE | Aicmiú/Airíonna eile |
|---|---|---|---|---|---|
| 89. | | Feanól, 4-iosochtail-;<br>*p*-Iosochtailfeanól | 27013-89-4 | 248-164-4 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 90. | | Feanól, 4-*tán*-ochtail-;<br>*p*-*tán*-Ochtailfeanól | 27214-47-7 | 248-330-6 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 91. | | Feanól, *tán*-ochtail-;<br>*tán*-Ochtailfeanól | 93891-78-2 | 299-461-0 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 92. | | Feanól, 4-(1-eitilheicsil)-;<br>*p*-(1-Eitilheicsil)feanól | 3307-00-4 | 221-989-7 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 93. | | Feanól, 2-(1-meitilheiptil)-;<br>*o*-(1-Meitilheiptil)feanól | 18626-98-7 | 242-459-1 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 94. | | Feanól, 2-(1-eitilheicsil)-;<br>*o*-(1-Eitilheicsil)feanól | 17404-44-3 | 241-426-9 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 95. | | Feanól, 2-(1-próipilpeintil)-;<br>*o*-(1-Próipilpeintil)feanól | 37631-10-0 | 253-574-1 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 96. | | Feanól, 4-(1-próipilpeintil)-;<br>*p*-(1-Próipilpeintil)feanól | 3307-01-5 | 221-990-2 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 97. | | Feanól, 2-(1-meitilheiptil)-;<br>*o*-(1,1,3,3-Teitrimeitilbúitil)feanól | 3884-95-5 | 223-420-8 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 98. | | Feanól, (1,1,3,3-teitrimeitilbúitil)-;<br>(1,1,3,3-Teitrimeitilbúitil)feanól | 27193-28-8 | 248-310-7 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |

| Uimh. | Ainm | Ainmneacha CE/Ainmneacha eile | Uimhir CAS | Uimhir CE | Aicmiú/Airíonna eile |
|---|---|---|---|---|---|
| 99. | | Feanól, (1-meitilheiptil)-;<br>(1-Meitilheiptil)feanól | 27985-70-2 | 248-759-9 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 100. | | Feanól, 4-(2-meitilheiptil)- | 898546-19-5 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 101. | | Feanól, 2-(2-eitilheicsil)- | 28752-62-7 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 102. | | Feanól, 4-(1-meitilheiptil)-;<br>*p*-(1-Meitilheiptil)feanól | 1818-08-2 | 217-332-9 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 103. | | Feanól, 4-(2-eitilheicsil)- | 69468-20-8 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 104. | | Feanól, 4-(5-meitilheiptil)- | 1824164-95-5 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 105. | | Feanól, 2-(2-meitilheiptil)- | 898546-20-8 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 106. | | Feanól, 4-(2-próipilpeintil)- | 119747-99-8 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 107. | | Feanól, 3-ochtail- | 20056-69-3 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 108. | | Feanól, 2-(1,1-démheitilheicsil)- | 1824575-79-2 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 109. | | Feanól, 4-(1,1-démheitilheicsil)- | 30784-29-3 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |

| Uimh. | Ainm | Ainmneacha CE/Ainmneacha eile | Uimhir CAS | Uimhir CE | Aicmiú/Airíonna eile |
|---|---|---|---|---|---|
| 110. | | Feanól, 4-(5,5-démheitilheicsil)- | 13330-52-4 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 111. | | Feanól, 2-(5,5-démheitilheicsil)- | 1822989-97-8 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 112. | | Feanól, 3-(1,1-démheitilheicsil)- | 70435-92-6 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 113. | | Feanól, 4-(1,4-démheitilheicsil)- | 164219-26-5 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 114. | Ochtail-feanóil, eatocsailithe:<br>Substaintí ina bhfuil slabhra ailcile líneach agus/nó brainseach, ina bhfuil 8 n-adamh carbóin arna gceangal go comhfhiúsach in aon ionad le feanól, iad eatocsailithe, agus áirítear leis sin freisin substaintí ina bhfuil aon cheann de na hisiméirí aonair nó cumasc díobh sin. | Pola(ocsa-1,2-eatáindé-il), α-[(1,1,3,3- teitrimeit-ilbúitil)feinil]-ω-hiodrocsa-<br>2-(2-[4-(1,1,3,3-Teitrimeitilbúitil)feanocsa]eat-ocsa)eatánól<br>Éitear Ochtailfeinile Gliocóil Poileitiléine; | 9036-19-5 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 115. | | 2-[4-(2,4,4-Trímheitilpeantán-2-il)feanocsa]eat-ánól<br>Pola(ocsa-1,2-eatánde-il), α-[4-(1,1,3,3-teitrimeit-ilbúitil)feinil]-ω-hiodrocsa-<br>Ochtailfeanól eatocsailithe | 9002-93-1 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 116. | | 20-[4-(1,1,3,3-Teitrimeitilbúitil)fean-ocsa]-3,6,9,12,15,18-heacsocs-eacosán-1-ól<br>3,6,9,12,15,18-Heacsocsa-eacosán-1-ól, 20-[4-(1,1,3,3-teitrimeitilbúitil)feanocsa]- | 2497-59-8 | 219-682-8 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 117. | | Eatánól, 2-[4-(1,1,3,3-teitrimeitilbúitil)feanocsa]- | 2315-67-5 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |

| Uimh. | Ainm | Ainmneacha CE/Ainmneacha eile | Uimhir CAS | Uimhir CE | Aicmiú/Airíonna eile |
|---|---|---|---|---|---|
| 118. | | Eatánól, 2-[2-[4-(1,1,3,3-teitrimeitilbúitil) feanocsa]eatocsa]- | 2315-61-9 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 119. | | 3,6,9,12,15,18,21,24-Ochtocsaiheacsacosán-1-ól, 26-(4-ochtailfeanocsa)-; | 42173-90-0 | 255-695-5 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 120. | | Pola(ocsa-1,2-eatáindé-il), α-(ochtailfeinil)-ω-hiodrocsa-, brainseach | 68987-90-6 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 121. | | Pola(ocsa-1,2-eataindé-il), α-[4-(6-meitilheiptil) feinil]-ω-hiodrocsa- | 59379-12-3 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 122. | | Eatánól, 2-(4-ochtailfeanocsa)-;<br>2-(*p*-Ochtailfeanocsa)eatánól | 51437-89-9 | 257-203-4 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 123. | | Pola(ocsa-1,2-eatáindé-il), α-(4-ochtailfeinil)-ω-hiodrocsa- | 26636-32-8 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 124. | | Pola(ocsa-1,2-eataindé-il), α-[4-(1-meitilheiptil) feinil]-ω-hiodrocsa- | 73935-42-9 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 125. | | 3,6,9,12,15,18-Heacsocsa-eiceasán-1-ól, 20-(4-ochtailfeanocsa)-;<br>20-(4-Ochtailfeanocsa)-3,6,9,12,15,18-heacsocsa-iceasán-1-ól | 32742-88-4 | 251-190-9 | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 126. | | Eatánól, 2-[2-[2-[2-(4-ochtailfeanocsa)eatocsa] eatocsa]eatocsa]-;<br>2-(*p*-Ochtailfeanocsa)eatánól | 51437-92-4 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 127. | | Eatánól, 2-[2-(4-ochtailfeanocsa)eatocsa]- | 51437-90-2 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |

| Uimh. | Ainm | Ainmneacha CE/Ainmneacha eile | Uimhir CAS | Uimhir CE | Aicmiú/Airíonna eile |
|---|---|---|---|---|---|
| 128. | | 3,6,9,12,15-Peantocsaiheiptideacán-1-ol, 17-(4-ochtailfeanocsa)- | 51437-94-6 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 129. | | Pola(ocsa-1,2-eatáindé-il), α-(iosochtailfeinil)-ω-hiodrocsa- | 9004-87-9 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 130. | | 2-[2-[2-(4-Ochtailfeanocsa)eatocsa]eatocsa] eatánól | 51437-91-3 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 131. | | 3,6,9,12,15-Peantocsaiheiptideacán-1-ól, 17-[4-(1,1,3,3-teitrimeitilbúitil)feanocsa]- | 2497-58-7 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 132. | | Eatánól, 2-[2-[2-[4-(1,1,3,3-teitrimeitilbúitil) feanocsa]eatocsa]eatocsa]- | 2315-62-0 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 133. | | Eatánól, 2-[2-[2-[2-[4-(1,1,3,3-teitrimeitilbúitil) feanocsa]eatocsa]eatocsa]eatocsa]- | 2315-63-1 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 134. | | 3,6,9,12-Teatrocsateitrideacán-1-ól, 14-[4-(1,1,3,3-teitrimeitilbúitil)feanocsa]- | 2315-64-2 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 135. | | 3,6,9,12,15,18,21,24-Ochtocsaiheacsacosán-1-ól, 26-[4-(1,1,3,3-teitrimeitilbúitil)feanocsa]- | 2315-65-3 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 136. | | 3,6,9,12,15,18,21,24,27-Naonocsanaonacosán-1-ól, 29-[4-(1,1,3,3-teitrimeitilbúitil)feanocsa]- | 2315-66-4 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 137. | | Eatánól, 2-[3-(1,1,3,3-teitrimeitilbúitil)feanocsa]- | 1026254-24-9 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 138. | | Eatánól, 2-[2-(1,1,3,3-teitrimeitilbúitil)feanocsa]- | 84658-53-7 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |

| Uimh. | Ainm | Ainmneacha CE/Ainmneacha eile | Uimhir CAS | Uimhir CE | Aicmiú/Airíonna eile |
|---|---|---|---|---|---|
| 139. | | Eatánól, 2-[2-(ochtailfeanocsa)eatocsa]- | 27176-92-7 | | Airíonna réabtha iontálaigh (REACH Airteagal 57(f) – An comhshaol) |
| 140. | *N*, *N*-Démheitiolformaimíd | *N*, *N*-Démheitiolformaimíd; Formaimíd démheitile, DNF | 68-12-2 | 200-679-5 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B |
| 141. | Próp-2-eanaimíd | Aicriolaimíd; 2-próipeanaimíd | 79-06-1 | 201-173-7 | Carcanaigineach de chatagóir 1B/ Só-ghineach de chatagóir 1B |
| 142. | Piridín, díorthaigh ailcile, ina bhfuil cion ≥ 0,1 % de bheinséin (Uimh. CE 200-753-7) | | 68391-11-7 | 269-929-9 | Carcanaigineach de chatagóir 1A/ Só-ghineach de chatagóir 1B |
| 143. | Cuineoilín | Cuineoilín | 91-22-5 | 202-051-6 | Carcanaigineach de chatagóir 1B |
| 144. | Alcól teitrihidreafurfuirile | Alcól teitrihidreafurfuirile; 2-Fúránmeatánól, teitreahidrea- | 97-99-4 | 202-625-6 | Tocsaineach don atáirgeadh, de chatagóir 1B” |

([1]) Ach amháin i gcás ina sonraítear a mhalairt san Iarscríbhinn seo, is é 0,1 % (meáchan ar mheáchan) an teorainn i ndáil leis an gcion inghlactha de na substaintí a liostaítear sa tábla mar eisíontais neamhbheartaithe sa táirge críochnaithe.

([2]) Is é 0,01 % (meáchan ar mheáchan) an teorainn i ndáil leis an gcion inghlactha den tsubstaint seo mar eisíontas neamhbheartaithe sa táirge críochnaithe, rud a chomhfhreagraíonn don teorainn tiúchana shonrach a leagtar síos in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.